# An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide - An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide

# Snáithe 1 – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil

## Foirm Iarratais

Tá an t-iarratas seo á phróiseáil ag Comhairle Contae Chill Mhantáin

Má tá aon cheist agat nó má theastaíonn aon chúnamh uait, déan teagmháil linn ag {eolas teagmhála CGPA}

Is féidir le grúpaí agus eagraíochtaí pobail agus deonacha i gContae Chill Mhantáin an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar thionscadal comhpháirtíochta le Comhairle Contae Chill Mhantáin chun cistiú a lorg faoi Shnáithe 1 den Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide - Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide - Pobail Ísealcharbóin a Thógáil.

Cinntigh le do thoil go bhfuil tú eolach go hiomlán ar na ceanglais agus na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thíos sula dtosaíonn tú ag líonadh na foirme seo.

Ní féidir linn ach foirmeacha atá comhlánaithe go hiomlán a mheas. Ní bhreithneofar foirmeacha neamhiomlána le haghaidh cistiú.

**Téarmaí agus Coinníollacha (* Gach rud le cur san áireamh)**

- Ní chuirfidh Comhairle Contae Chill Mhantáin cistí ar fáil ach amháin le haghaidh costais incháilithe do ghrúpaí/eagraíochtaí atá páirteach go díreach i dtionscadail cheadaithe ar leibhéal an phobail, ar bhonn neamhbhrabúis, atá dírithe ar phobail ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil.

- Ní mór duit a léiriú nach bhfuil an cistiú ar fáil agat chun an obair a dhéanamh gan deontas nó, mar mhalairt air sin, go gcuirfidh an deontas ar do chumas níos mó oibre a dhéanamh nach mbeadh do ghrúpa/eagraíocht in acmhainn a dhéanamh murach sin.
- Ní mór don fhaisnéis a sholáthraíonn an grúpa/eagraíocht iarrthach a bheith cruinn agus iomlán.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh dícháiliú agus/nó aisíocaíocht aon deontais a tugadh mar thoradh ar mhífhaisnéis.
- Coinneofar go leictreonach gach faisnéis a chuirfear ar fáil i leith an iarratais ar dheontas. Forchoimeádann Comhairle Contae Chill Mhantáin agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) an ceart liosta de na deontais uile a bronnadh a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.
- Baineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le gach taifead atá i seilbh RAFC agus Comhairle Contae Chill Mhantáin .
- Ní mór don Chathaoirleach, don Rúnaí, don Chisteoir nó don duine freagrach sa ghrúpa/eagraíocht atá ag déanamh na haighneachta an t-iarratas a shíniú.
- Is freagracht gach grúpa/eagraíochta é a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus beartais chuí i bhfeidhm acu, lena n-áirítear árachas cuí nuair is ábhartha.
- Ní mór fianaise ar chaiteachas, admhálacha/sonraisc a choinneáil agus a sholáthar do Comhairle Contae Chill Mhantáin nó dá n-ionadaí chun tacú le híocaíocht na gcistí.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fianaise ghrianghrafadóireachta ar an tionscadal freisin chun tarraingt anuas na ndeontas a éascú.
- Féadfaidh RAFC nó an t-údarás áitiúil cuairteanna gan fógra a thabhairt ar an láthair chun comhlíonadh théarmaí agus choinníollacha an Chláir a fhíorú.
- Ní bhreithneofar aon iarratas ó thríú páirtithe nó ó idirghabhálaithe.
- D'fhéadfadh smachtbhannaí a bheith mar thoradh ar shárú théarmaí agus choinníollacha an chláir seo, lena n-áirítear aisíoc cistí atá deonaithe cheana féin agus díbharrú ó iarratais ar dheontais amach anseo.
- Chun d'iarratas a phróiseáil, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach do Comhairle Contae Chill Mhantáin sonraí pearsanta a bhailiú uait. Déanfar an fhaisnéis sin a phróiseáil i gcomhréir le ráiteas príobháideachais Comhairle Contae Chill Mhantáin atá ar fáil lena fheiceáil ar {Nasc anseo}
- Cuirfear comhaontú deontais i bhfeidhm idir na hiarratasóirí rathúla agus Comhairle Contae Chill Mhantáin

## Foirm Iarratais

Tá cúig phríomhchuid san fhoirm seo agus **ní mór gach cuid a chomhlánú go hiomlán**.

**Cuid 1:** Inis dúinn faoi do ghrúpa nó d'eagraíocht

**Cuid 2:** Cuir sonraí faoi do thionscadal san áireamh

**Cuid 3:** Ceistneoir faoi Státchabhair

**Cuid 4:** Údarú agus Toiliú Reachtúil

**Cuid 5:** Dearbhú ó iarratasóirí

## Cuid 1 – Inis dúinn faoi do ghrúpa nó d'eagraíocht.

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta*** | |
| **Seoladh*** | |
| **Éirchód*** | |
| **Bliain a Bunaíodh** | |
| **Cuspóir an Ghrúpa/na hEagraíochta** | |
| **Uimhir theagmhála** | |
| **Ríomhphost** | |
| **Suíomh gréasáin (más infheidhme)** | |
| **Leag amach na socruithe rialachais do d'eagraíocht agus ceangail doiciméid tacaíochta amhail téarmaí tagartha, bunreacht, miontuairiscí CGB etc., i gcás inarb iomchuí.*** | |

**Ní íocfar** iarratais rathúla ar chistiú faoin gclár seo **ach amháin i gcuntas bainc an ghrúpa/na heagraíochta a dhéanann iarratas.** Cinntigh go bhfuil sonraí do chuntais bhainc ar láimh agat má éiríonn le d'iarratas.

| | |
|---|---|
| **Uimhir Stádais Carthanachta (más infheidhme)*** | |
| **Uimhir Chlárúcháin LRP (más infheidhme)*** | |
| **Uimhir Thagartha Cánach (más infheidhme)*** | |
| **Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (más infheidhme)*** | |

| | |
|---|---|
| **An féidir le do ghrúpa CBL a éileamh ar ais?*** | |

**Sonraí Teagmhála an Ghrúpa/na hEagraíochta**

**Tabhair sonraí faoin duine a bheidh ag déileáil le fiosrúcháin a bhaineann leis an iarratas seo thar ceann do ghrúpa nó d'eagraíochta.**

<u>Cuir in iúl dúinn láithreach, le do thoil, má athraíonn na sonraí teagmhála seo le linn ré d'iarratais.</u>

**Ainm Teagmhála**

**Seoladh Teagmhála**

**Seoladh Ríomhphoist**

**Uimhir Theileafóin**

## Cuid 2 – Sonraí an Tionscadail

**Cuspóir an Deontais/Ábharthacht an Tionscadail: Déan cur síos ar do thionscadal. Tabhair achoimre ar an gcaoi a bhfuil an tionscadal ábhartha do chuspóir an deontais chun pobail ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil.**

**Cén chuma atá ar rochtain phobail i gcás do thionscadail?**

**Cad iad na téamaí a dtugann do thionscadal aghaidh orthu?** *
Ticeáil mar is cuí - moltar duit aghaidh a thabhairt ar an oiread agus is féidir.

- ☐ Fuinneamh Pobail
- ☐ Taisteal
- ☐ Bia agus Dramhaíl
- ☐ Siopadóireacht agus Athchúrsáil
- ☐ Gníomhú Áitiúil Aeráide agus Comhshaoil

**Cuir in iúl suíomh do thionscadail ag baint úsáide as Éirchód nó suíomh cruinn (comhordanáidí X-Y) de réir mar is iomchuí:**

**Éirchód:**

**X ITM:** **Y ITM:**

**Costais an Tionscadail: Cuir na sonraí airgeadais a iarrtar thíos ar fáil le do thoil.**

Costas iomlán an tionscadail* (CBL san áireamh)
Méid an chistithe atá á iarraidh * (CBL san áireamh)

Taispeáin príomhchostais an tionscadail thíos le do thoil*

| **Mír** (Sonraigh an mhír chaiteachais le do thoil - cineál ábhar, trealaimh, earraí, nó costais oibriúcháin) | **Costas in €** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Riachtanas maidir le Cistiú Deontais: Tabhair sonraí ábhartha ina leagtar amach conas nárbh fhéidir le do thionscadal dul ar aghaidh gan cúnamh deontais nó, mar mhalairt air sin, cuir sonraí ar fáil ina leagtar amach conas a chuirfidh an deontas ar do chumas níos mó oibre a dhéanamh nach mbeadh do ghrúpa/eagraíocht in acmhainn a dhéanamh murach sin.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Indéantacht: Cad iad na torthaí a bhainfidh do thionscadal amach? Conas a bhainisteofar an tionscadal chun na torthaí sin a bhaint amach agus a thomhas? Cad iad na garspriocanna sa tionscadal? Leag amach sonraí na gcomhpháirtíochtaí (más ann dóibh) a rachaidh tú leo chun cabhrú leat le do thionscadal.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Tionchair: Cad iad na tairbhí a bhaineann le do thionscadal ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de? Cén chaoi a gcuideoidh sé le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann?**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Nuálaíocht/Inscálaitheacht: An ndéileálann do thionscadal le hábhair a bhaineann le pobail eile agus a bhaineann le réitigh is féidir a chur i bhfeidhm in áiteanna eile? An féidir do thionscadal a leathnú i do phobal féin nó i bpobal eile?**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Luach ar Airgead: Cén chaoi a léiríonn do thionscadal luach maith ar airgead agus úsáid éifeachtach acmhainní? Tabhair achoimre ar an gcaoi a léiríonn costais an tionscadail go leordhóthanach an obair atá ar bun.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Rialachas: Cad iad na socruithe bainistíochta tionscadail a bheidh i bhfeidhm? Tabhair sonraí maidir le conas a bhainisteoidh tú buiséad an tionscadail agus ceanglais rialachais eile.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

## Cuid 3 – Ceistneoir faoi Státchabhair *Gach ceann riachtanach

**Tá an Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide cistithe ag acmhainní Stáit agus, dá bhrí sin, ní mór na trí cheist seo a leanas a fhreagairt chun a chinneadh cibé acu a fhéadfadh nó nach bhféadfadh cistiú thogra d'eagraíochta a bheith ina státchabhair.**

**1. An dtugann an cistiú buntáiste do ghnóthas amháin nó níos mó thar ghnóthais eile?**

☐ Tugann ☐ Ní Thugann

<u>Tabhair faoi deara:</u>

Is féidir le "buntáiste" teacht i bhfoirmeacha éagsúla: ní hamháin deontas, iasacht nó faoiseamh cánach, ach úsáid sócmhainne stáit saor in aisce nó ar phraghas níos ísle ná praghas an mhargaidh freisin. Go bunúsach, is rud é nach bhféadfadh gnóthas a fháil i ngnáthchúrsa gnó.

Is éard is "gnóthas" ann aon eagraíocht atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch. - Baineann sé seo le gníomhaíocht seachas foirm dhlíthiúil, mar sin is féidir le heagraíochtaí neamhbhrabúis, carthanachtaí agus comhlachtaí poiblí a bheith ina ngnóthais, ag brath ar na gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leo. - Féadfaidh oibreoirí agus 'idirghabhálaithe' a bheith san áireamh i ngnóthas freisin má bhaineann siad leas as an gcistiú

Ciallaíonn "gníomhaíocht eacnamaíoch" earraí nó seirbhísí a chur ar an margadh. Ní gá brabús a dhéanamh le bheith páirteach i ngníomhaíocht eacnamaíoch: Má thairgeann daoine eile sa mhargadh an t-earra nó an tseirbhís chéanna, is gníomhaíocht eacnamaíoch í.

Ní státchabhair í tacaíocht a thabhairt d'eagraíocht atá ag gabháil do ghníomhaíocht neamheacnamaíoch, e.g. ní státchabhair í tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair tríd an gcóras slándála sóisialta.

**2. An ndéanann an cistiú seo saobhadh ar an iomaíocht nó an bhfuil an cumas aige saobhadh a dhéanamh?**

☐ Déanann/tá ☐ Ní dhéanann/níl

<u>Tabhair faoi deara:</u>

Má neartaíonn an cúnamh an faighteoir i gcomparáid lena iomaitheoirí, is dócha gurb é an freagra "déanann/tá".

Ní gá go mbeadh an cumas chun "saobhadh [a dhéanamh] ar an iomaíocht" substaintiúil ná suntasach: d'fhéadfadh sé go mbeadh méideanna beaga tacaíochta airgeadais do ghnólachtaí a bhfuil sciar measartha den mhargadh acu san áireamh.

**3. An bhfuil aon chumas ag bronnadh an chistithe seo tionchar a imirt ar thrádáil idir ballstáit an AE?**

☐ Tá ☐ Níl

Tabhair faoi deara:

Tá léirmhíniú leathan air seo: is leor go bhfuil táirge nó seirbhís intrádála idir Ballstáit, fiú mura ndéanann an faighteoir féin onnmhairiú chuig Margaí eile san AE.

**Deimhnigh le do thoil luach iomlán Euro an chistithe Stáit uile a fuair do ghrúpa le trí bliana anuas:**

**Más é "tá" an freagra** ar na **tri cheist go léir thuas, ansin bheadh sé ina státchabhair dá mba rud é go ndeonófaí cistiú tríd an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide. Sa chás sin, comhlánaigh an Dearbhú maidir le Státchabhair De Minimus a bheidh ag gabháil le d'iarratas.**

**Más é "níl" an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuasluaite, ní státchabhair é an tionscadal seo. Téigh ar aghaidh chuig Cuid 4 le do thoil.**

### Cuid 4 - Údarú agus Toiliú Reachtúil *Gach ceann riachtanach

**I gcás ina seachadfar tionscadal ó shuíomh/fhoirgneamh/fhoirgnimh/spás urláir nach bhfuil faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil, ní mór é a bheith faoi úinéireacht eagraíocht chomhpháirtíochta an Údaráis Áitiúil nó ní mór léas cúig bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ag ceachtar páirtí ó dháta críochnaithe an tionscadail. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ní mór comhaontú i scríbhinn a bheith ann leis an úinéir suímh chun rochtain ar an suíomh a chumasú chun leasa an phobail ar feadh tréimhse cúig bliana.**

**An bhfuil na ceadanna agus na toilithe pleanála agus rialála go léir is gá agat agus an bhfuil na húdaruithe agus/nó na cearta rochtana riachtanacha faighte agat ar an talamh, na foirgnimh agus an mhaoin go léir is gá le haghaidh na hoibre gaolmhaire go léir a theastaíonn do do thionscadal?**
☐ Tá ☐ Níl

### Cuid 5 – Dearbhú *Gach ceann riachtanach

- Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo ceart.
- Deimhním gur léigh mé agus go dtuigim go hiomlán Téarmaí agus Coinníollacha an Chláir ar leathanach 1 den fhoirm seo.
- Deimhním gur léigh mé agus go dtuigim go hiomlán aon treoirlínte sular chomhlánaigh mé an fhoirm seo.
- Deimhním go gcuirtear an t-iarratas seo ar dheontas isteach agus na Téarmaí agus Coinníollacha á nglacadh agus á gcomhlíonadh.
- Deimhním nach bhfuil an cistiú ag an ngrúpa/eagraíocht iarrthach chun tabhairt faoin obair/tionscadal gan an cúnamh deontais seo nó, mar mhalairt air sin, go n-éascóidh an deontas tuilleadh oibre nach mbeadh an grúpa in ann a íoc murach sin.

- Deimhním go bhfuil an grúpa/eagraíocht iarrthach cáin-chomhlíontach (más cláraithe ó thaobh cánach de).
- Deimhním go gcoinneofar sonraisc/admhálacha íoctha lena n-iniúchadh ag Comhairle Contae Chill Mhantáin.
- Aithním go mbeidh cealú aon deontais a cheadaítear faoin scéim seo mar thoradh ar aon ráiteas bréagach nó míthreorach nó coinneáil siar faisnéise riachtanaí ó Comhairle Contae Chill Mhantáin (mar a chinnfidh Comhairle Contae Chill Mhantáin agus go bhféadfadh sé go n-aisghabhfaí an deontas ina dhiaidh sin.

| | |
|---|---|
| **Ainm i gceannlitreacha (thar ceann an ghrúpa/na heagraíochta):** | |
| **Síniú:** | |
| **Post atá agat i ngrúpa/in eagraíocht (i gceannlitreacha):** | |
| **Dáta:** | |